THE PHOENIX PARK HONEY SHOW

2015

13

Meán Fómhair

Ionad Cuairteoirí
Pháirc an
Fhionnuisce

www.phoenixpark.ie

01 821 3021

Fáilte...

Is mian liom fáilte is fiche a fhearadh roimh bheachairí agus roimh dhíograiseoirí beachaireachta chuig Páirc iontach an Fhionnuisce le haghaidh **Thaispeántas Meala Pháirc an Fhionnuisce** atá ar siúl den chéad uair i mbliana.

Cúis iontais dom a fhoghlaim gur féidir le beach amháin suas le 1000 bláth a phailniú in aghaidh an lae agus meastar gur fiú €57 milliún do gheilleagar na hÉireann an pailniú a dhéanann beacha. Ba mhaith liom an oiread daoine agus is féidir a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chomórtas, sna léirithe, sna siúlóidí agus sna taispeántais atá eagraithe ag Cónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann agus ag foireann Oifig na nOibreacha Poiblí.

Simon Harris TD,
Aire Stáit sa Roinn Airgeadais, sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus i Roinn an Taoisigh a bhfuil Freagracht Speisialta air as Oifig na nOibreacha Poiblí.

Déanann beacha obair thábhachtach maidir le caomhnú na bithéagsúlachta i bPáirc an Fhionnuisce agus sna ceantair máguaird. Is mór an tairbhe do fhlóra na Páirce an chaoi a bhfuil breis agus 16 choirceog scaipthe ar fud na Páirce agus iad á mbainistiú go hinbhuanaithe ag na garraíodóirí Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Is iomaí dámhachtain mheala idir náisiúnta agus idirnáisiúnta atá buaite ag foireann OOP le trí bliana anuas. Tá turais oideachasúla ar fáil do ghrúpaí scoile agus do pháirtithe ar spéis leo iad. Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an taispeántas meala mar chuid den 'Lá Páirceanna Domhanda' agus guímid gach rath ar na hiomaitheoirí go léir.

Margaret Gormley,
Príomh-Stiúrthóir na Páirce,
Na hIonaid Náisiúnta Réadmhaoine Stairiúla,
Oifig na nOibreacha Poiblí.

BREITHIÚNA

Micheál MacGiolla Coda
John Donoghue
Redmond Williams
Jim Power

RÚNAÍ AN TAISPEÁNTAIS MEALA

Meeda Downey
Teileafón: 01-8205800
Ríomhphost: meeda.downey@opw.ie

Cur i láthair na dTaispeántán ó 8am go 10am Dé Domhnaigh

an 13 Meán Fómhair.

Tosófar ag meas na dtaispeántán ag 10.15am.

Bronnadh na nDuaiseanna 4.30pm – Aoi Speisialta.

LÉACHTAÍ & TURAIS

Turas an Gharraí Dhaingin	11am, An Garraí Daingean, Brian Quinn
Beacha agus Garraíodóireacht	12pm, An Léachtlann, Fionnuala Fallon
Siúlóid na gCrann & Turas Chaisleán Bhaile an Ásaigh	2pm, Caisleán Bhaile an Ásaigh, Declan Bermingham, Margaret McGuirk
Stair na Beachaireachta in Éirinn	3pm, An Léachtlann, Jim Ryan, Cónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann

Mil Oifigiúla

Beidh an taispeántas ar oscailt don phobal ó 1pm go 5pm.

Fáilte roimh Chách chuig an Imeacht Saor in Aisce seo!

RIALACHA & RIALACHÁIN

1. Ní mór na taispeántáin a thabhairt go hIonad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce, Diméin Bhaile an Ásaigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 ar an Domhnach an 13 Meán Fómhair, 2015 idir 8.00am agus 10.00am. Tosófar ag meas na dtaispeántán ag 10.15am.
2. Ní féidir aon taispeántán a iontráil i níos mó ná aicme amháin.
3. Ní bheidh taispeántóir i dteideal níos mó ná duais amháin a fháil in aon aicme faoi leith.
4. Beidh taispeántáin d'aicme a trí déag ina maoin de chuid an taispeántais agus déanfar iad a dhiúscairt le linn an taispeántais.
5. Beidh cinneadh an bhreithimh (na mbreithiúna) críochnaitheach.
6. Gabhann na breithiúna an ceart chucu féin gan na duaiseanna go léir nó aon cheann de na duaiseanna in aicme 7 a bhronnadh.
7. Beidh cinneadh choiste an taispeántais críochnaitheach maidir le rudaí a bhaineann leis an taispeántas (ach amháin cúrsaí moltóireachta).
8. Ní féidir aon lipéad ná aon mharc idirdhealaitheach a chur ar aon taispeántais ach amháin i gcás aicme a dó dhéag. Déanfar na huimhreacha a chuireann rúnaí an taispeántais ar fáil a chur thart faoi 12.5 mm ó bhun na bprócaí agus, maidir le frámaí agus céir bheach, déanfar uimhir amháin a ghreamú den taispeántán, agus an ceann eile den choimeádán.
9. Is féidir céir a thaispeáint snasta nó gan snas de réir mar a thograíonn an taispeántóir.
10. Déanfar iontrálacha a scríobh ar an bhfoirm a chuirfear ar fáil agus ní mór iad a chur ar aghaidh chuig rúnaí an taispeántais, Meeda Downey Uasal, Oifig OOP, Na Goirt Bhána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 agus ní mór gach iarratas iontrála a bheith ag rúnaí an taispeántais roimh 9am lá an taispeántais.
11. Ní mór mil úsctha a thaispeáint i bprócaí neamhmhaisithe 454g nó 340g ar a bhfuil scriúchlaibín nó caschlaibín laicearaithe simplí óir. Ceadaítear claibíní Chónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann.
12. Ní mór meá a iontráil i mbuidéil déanta de ghloine thrédhearcach gan dath ná litreacha ná cuislí orthu. Glacfar le buidéil a bhfuil tóin leibhéalta nó tóin ardaithe fúthu. Ní mór buidéil a bheith corcáilte le stopalláin feire sa chaoi gur féidir iad a bhaint gan leas a bhaint ag gléas meicniúil. Ní mór do thaispeántóirí sna haicmí sin a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.
13. Ní mór gach mil agus céir a thaispeánfar a bheith ina dtáirgí bona fide de chuid beacha an taispeántóra féin.
14. Is féidir leis an té a bhuann trófaí é a choimeád sé go dtí an chéad bhliain eile, nuair nach mór é a thabhairt ar ais do Rúnaí an Taispeántais agus é glanta, snasta agus dea-bhail air. Fanfaidh gach

trófaí buan ina mhaoin de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Má chailltear aon trófaí nó má dhéantar damáiste dó nuair a bheidh sé i seilbh an bhuaiteora beidh ar a leithéid de bhuaiteoir íoc as costas an deisiúcháin.

1. Dhá Theascóg (Bláthanna nó Fraoigh) ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
2. Dhá Ghabhdán de Mhil Chíre Ghearrtha ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
3. Fráma Amháin de Mhil Chíre (oiriúnach lena húscadh) ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
4. Fráma Amháin de Mhil Fraoigh ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
5. Dhá Phróca de Mhil Gheal ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
6. Dhá Phróca de Mhil Mheánach ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
7. Dhá Phróca de Mhil Dhorcha ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
8. Dhá Phróca de Mhil Ghambach ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
9. Dhá Phróca de Mhil Ghránaithe ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
10. Dhá Phróca de Mhil Choipthe ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
11. Dhá Phróca de Mhil Fraoigh ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
12. Dhá Phróca Meala Dhéag: Gach ceann den chineál céanna agus iad le cur ar taispeáint mar phrócaí atá á dtairiscint lena ndíol. Ní mór lipéad de chuid an taispeántóra a bheith ar gach próca. Chomh maith le caighdeán na meala, cuirfidh an Breitheamh tarraingteacht agus mealltacht chun ceannaigh san áireamh freisin. NÍL AON SEASTÁN AG TEASTÁIL.

Trófaí Cónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

13. Bronntanas d'Aicme a hAon: Próca d'aon chineál meala nó cíor mheala amháin. (Déanfar taispeántáin den aicme seo a dhíol agus bronnfar na fáltais ar Ospís Naomh Proinsias) ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

14. Sé Bhloc Aon Unsa de Chéir Bheach ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

15. Cáca Meala. Déanta d'ocht n-unsa de phlúr éiritheach, sé unsa de Mhil na hÉireann, ceithre unsa ime nó margairín, dhá ubh agus gráinnín salainn. Bhácáil i stán ciorclach atá sé orlach go leith go seacht n-orlach go leith ar leithead . An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an 3ú duais: Bonn Cré-umha.

16. Cáca Meala le Torthaí. Déanta d'ocht n-unsa de phlúr éiritheach, sé unsa de Mhil na hÉireann, ceithre unsa ime nó margairín, dhá ubh, sé unsa de shabhdánaigh agus gráinnín salainn. Bhácáil i stán ciorclach atá sé orlach go leith go seacht n-orlach go leith ar leithead. An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

17. Sé Bhriosca Bheaga (déanta d'aon oideas a bhfuil mil san áireamh ann) ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

18. Buidéal Amháin de Mheá Thirim ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

19. Buidéal amháin de Mheá Mhilis. An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

20. Samhail Amháin de Chéir Bheach, ceadaítear dath (níl coinnle san áireamh) ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

21. Prionta Amháin Daite nó Dubh agus Bán (a bhaineann le beacha, Clóbhuailte agus Feistithe, méid A4 amháin) ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

22. Aicme Thaispeántais. Mil, Céir Bheach nó Meá (nó an dá cheann le chéile) chomh maith le cóiriú maisiúil. Lena chois sin ní miste ábhar maisiúil, céir dhaite bheach agus próca d'aon mhéid nó déanamh atá indíolta a úsáid. Ní mór cainníocht 5 kg meala ar a laghad a chur ar taispeáint. Ní ceart go sáródh an méid 915mm x 1220mm. Ní bhaineann Riail 11 leis seo. An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

23. Bosca Beach Apidea Amháin ina bhfuil banríon atá ag breith. Seachas méid, agus cruth agus cuma na banríona cuirfidh na breithiúna patrún an áil ina gcéimeanna éagsúla san áireamh ... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.

GRADAIM SPEISIALTA

An Taispeántán is Fearr ag an Taispeántas Trófaí OOP Pháirc an Fhionnuisce

An Mhil Chíre is Fearr ag an Taispeántas Trófaí Chomhairle Crann na hÉireann

AICME

An Mhil Úsctha is Fearr ag an Taispeántas	Trófaí Gleeson
Aicme 12	Cónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann

“Beidh tionchar ag an dea-bhainistíocht nó an drochbhainistíocht a dhéanann an cine daonna ar a sócmhainní nádúrtha, lena n-áirítear pailneoirí, ar a mbeidh i ndán dúinn go léir san 21ú hAois. Is é fírinne an scéil ná go soláthraíonn 100 speiceas barraí 90 faoin gcéad de bhia an domhain, agus déanann beacha pailniú ar bhreis agus 70 acu.”

- Achim Steiner, Leas-Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe

“Níor sheol oiread agus beach amháin sonrasc chugat. Agus cuid den fhadhb é sin - toisc gur rudaí saor in aisce iad formhór na rudaí a fhaighimid ón nádúr, agus toisc nach bhfuil praghas marcáilte orthu agus nach dtrádáiltear iad ar mhargaí, tá sé de nós againn neamhaird a dhéanamh orthu".

- Pavan Sukhdev (Na Náisiúin Aontaithe: Eacnamaíocht na nÉiceachóras agus na Bithéagsúlachta)

“Is cuma leis an mbeach faoi ghéaga ginealaigh na meala; is den uasaicme dar léi gach seamair."

- Emily Dickinson

Ba cheart a thabhairt faoi deara go meastar gur fiú £450m obair pailnithe na mbeach sa Ríocht Aontaithe agus $15bn i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

OPW

The Office of Public Works

Oifig na nOibreacha Poiblí

2015